CREATIVE IRELAND

# GALWAY COUNTY

# CONTAE NA GAILLIMHE

ÉIRE ILDÁNACH

Culture and Creativity Plan 2017

*Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017*

**creative.ireland.ie**

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

# Creative Ireland Programme Galway County

# *Clár Éire Ildánach Contae na Gaillimhe*

## Contents
ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| Foreword | 4 | Réamhrá |
| The Creative Ireland Programme | 6 | Clár Éire Ildánach |
| The Creative Ireland Team in Galway | 8 | Foireann Éire Ildánach i gContae na Gaillimhe |
| Implementation | 10 | Forfheidhmiú |
| Projects for 2017 | 12 | Tionscadail don bhliain 2017 |
| Promotional Events 2017 | 17 | Imeachtaí Poiblíochta 2017 |
| Conclusion | 26 | Conclúid |



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

# Foreword
## RÉAMHRÁ

As Cathaoirleach of the County of Galway, it gives me great pleasure to introduce on behalf of Galway County Council, this Cultural and Creativity Plan for 2017.

The Creative Ireland Programme is about placing culture at the centre of our lives, for the betterment of our people and for the strengthening of our communities.

In 2016, Galway County Council demonstrated its unique capacity to activate and support community engagement and participation in marking the Centenary year through a wide range of arts, culture and heritage initiatives. Creative Ireland intends to build on this success with the aim of placing culture at the centre of people's lives.

This 2017 Cultural and Creativity Plan is an inclusive and high quality programme, which addresses peoples ideas in relation to arts, culture and heritage for County Galway for the coming year. The short and long term effect and impact of our arts, cultural and heritage programmes are central to the quality of life and to the wellbeing of all the citizens of the county.

This is the initial plan for the County which will be followed by a Cultural & Creativity Strategy and in doing so, the Council will continue to play an integral role in the future development of creativity and culture in our county.

**Cllr. Michael Connolly**
Cathaoirleach of the County of Galway

Is mar Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe, cuireann sé ríméad orm chun an Plean Cultúir agus Cruthaitheachta seo don bhliain 2017 a chur faoi bhur mbráid.

Baineann cur an chultúir ag croí ár mbeatha leis an gClár Éire Ildánach, chun ár muintir a fheabhsú agus chun ár bpobail a neartú.

Léirigh Comhairle Contae na Gaillimhe a hacmhainn uathúil sa bhliain 2016 chun dlúthbhaint agus rannpháirtíocht an phobail a ghníomhachtú agus chun tacú leo sa chomóradh ar chothrom Céad Bliain trí réimse leathan tionscnamh ealaíon, cultúir agus oidhreachta. Tá sé ar intinn ag Éire Ildánach chun cur leis an rath sin leis an aidhm chun cultúr a chur ag croílár bheathaí na ndaoine.

Is clár cuimsitheach agus ardcháilíochta é an Plean Cultúir agus Cruthaitheachta seo don bhliain 2017, ina dtugtar aghaidh ar dhaoine, smaointe i ndáil leis na healaíona, cultúr agus oidhreacht do Chontae na Gaillimhe sa bhliain amach romhainn. Is lárnach iad tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach ár gclár ealaíon, cultúrtha agus oidhreachta do cháilíocht na beatha agus d'fholláine gach saoránach sa chontae.

Seo é an plean tosaigh don Chontae, agus tiocfaidh Straitéis Chultúrtha & Chruthaitheachta ina dhiaidh; agus coinneoidh an Chomhairle uirthi sa mhéid sin chun ról lárnach a fheidhmiú i bhforbairt na cruthaitheachta agus an chultúir inár gcontae amach anseo.

**An Cmlr. Michael Connolly**
Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe



As Chief Executive Interim I welcome the publication of the Culture and Creativity Plan 2017 for Galway County Council.

The Creative Ireland Programme 2017-2022 is a key strategic document which provides a framework that will assist in the cultural advancement of our county. The ethos of the Programme being an all-of-government initiative is deeply significant, signalling the collective desire of the Government to work together for the benefit of the nation to realise its full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a welcome initiative to enhance the arts, heritage and cultural programmes already in place in Galway County and it will support the Council's Cultural Strategy into the future.

Galway has been awarded the European Region of Gastronomy for 2018 and European Capital of Culture for 2020. Galway County Council through our staff and our members will work very closely with our communities and Galway 2020 to ensure a strong and vibrant programme under both designations across all areas of the county.

This 2017 Cultural and Creativity Plan has been developed by the Council's Culture Team with assistance of local people and organisations so it is reflective of the future hopes of our creative and cultural groups. I look forward to seeing this plan coming to realisation over the coming year.

Later in 2017, a Cultural Strategy for the County will be prepared which will address the Council's role and participation with the community in supporting and enhancing the County's creative culture.

**Mr. Kevin Kelly**
CEO (Interim)

Is mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach a fháiltímse roimh fhoilsiú an Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017 do Chomhairle Contae na Gaillimhe.

Is eochaircháipéis straitéiseach é Clár Éire Ildánach 2017-2022 ina soláthraítear creatlach a fheidhmeoidh mar chúnamh le forás cultúrtha ár gcontae. Baineann suntas mór le héiteas an Chláir mar thionscnamh uilerialtais, arb ionann agus comhartha do chomh-mhian an Rialtais chun saothrú le chéile chun tairbhe an náisiúin chun a cumas cruthaitheacht iomlán a bhaint amach.

Is tionscnamh é Clár Éire Ildánach a gcuirtear fáilte roimhe chun na cláir ealaíon, oidhreachta agus cultúrtha atá i bhfeidhm i gContae na Gaillimhe cheana féin a fheabhsú, agus tacóidh sé le Straitéis Chultúrtha na Comhairle amach anseo.

Táthar tar éis Réigiún Eorpach an Bhia don bhliain 2018 agus Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa don bhliain 2020 a bhronnadh ar Ghaillimh. Saothróidh Comhairle Contae na Gaillimhe trínár bhfoireann agus trínár gcomhaltaí go dlúth lenár bpobail agus le Gaillimh 2020 chun clár láidir bríomhar a chinntiú faoin dá ainmniú ar fud gach cuid den chontae.

Táthar tar éis an Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017 seo a fhorbairt le Foireann Chultúir na Comhairle le cúnamh ó dhaoine agus eagrais áitiúla, sa chaoi is go léireofaí ann dóchais amach anseo ár ngrúpaí cruthaitheacha agus cultúrtha. Táimse ag súil leis an bplean seo a fheiceáil ag teacht ar an bhfód sa bhliain atá le teacht.

Ullmhófar Straitéis Chultúrtha don Chontae níos déanaí sa bhliain 2017, ina dtabharfar aghaidh ar ról agus rannpháirt na Comhairle leis an bpobal chun cultúr cruthaitheach an Chontae a fheabhsú agus chun tacú leis.

**Mr. Kevin Kelly**
CEO (Eatramhach)

# The Creative Ireland Programme
## CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025 - Éire Ildánach, which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916.

Is é Clár Éire Ildánach Clár Oidhreachta an Rialtais d'Éire 2016 – tionscnamh chúig bliana idir 2017 agus 2022 ina leagtar béim ar an gcruthaitheacht ag croílár an bheartais phoiblí. Is tionscnamh ardleibhéil ard-uaillmhianach lánrialtais é chun an chruthaitheacht a phríomhshruthú i saol an náisiúin ionas gur féidir linne, inár n-aonar agus i gcomhar a chéile, inár mbeatha phearsanta agus inár gcuid institiúidí, ár gcumas cruthaitheach iomlán a réadú.

Is clár cultúrbhunaithe é Clár Éire Ildánach atá deartha chun an fholláine aonair, pobail agus náisiúnta a chur chun cinn. Is é croílár an togra ná gurb é an rannpháirteachas sa ghníomhaíocht chultúrtha a threoraíonn an chruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann, le himpleachtaí móra don fholláine agus don ghnóthachan aonair agus sochaíoch.

Is ionann an Clár agus an phríomhfheithicil fhorfheidhmithe freisin do na tosaíochtaí a aithníodh i gcáipéis bheartais an Rialtais Cultúr 2025 - Éire Ildánach, ina sloinntear gurb iad na healaíona agus an cultúr ina sainchodanna de Stát na hÉireann, ina n-aithnítear an gá chun: rochtain agus rannpháirteachas a mhéadú sna healaíona; borradh a thabhairt dár dtionscail chruthaitheacha; agus ár n-oidhreacht a chaomhnú le béim faoi leith ar an teanga, an tírdhreach agus an timpeallacht.

Tá an clár ceaptha timpeall théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta. Is iad an Comhshaothrú agus an Chumarsáid, Cumasú Pobail, agus Idirnáisiúnú na croíphrionsabail oibriúcháin a bhaineann leis.

Bíonn ról ríthábhachtach ag na húdaráis áitiúla le seachadadh áitiúil foriomlán chlár Éire Ildánach ina iomláine; agus tugtar sainordú eisiach dóibh trína bhfoirne cultúir, chun Colún

This Plan sets out the beginning of Galway County Council's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.'

2 den chlár a sheachadadh – An Chruthaitheacht a Chumasú i nGach aon Phobal. Faightear an spreagadh do dhílárú na freagrachta as Éire Ildánach do na húdaráis áitiúla ó thionchar ollmhór na dtionscadal comhoibritheach arna gcomhordú ag na húdaráis áitiúla do chomóradh céad bliain ó 1916.

Leagtar amach sa Phlean tús le cuid Chomhairle Contae na Gaillimhe san aistear chúig bliana sin, ar tionscnamh fíorthábhachtach don bheartas náisiúnta é lárnaithe faoin gcultúr agus faoin bhfolláine.'

# The Creative Ireland Team in County Galway

## FOIREANN ÉIRE ILDÁNACH I GCONTAE NA GAILLIMHE

The team engaged to lead the Creative Ireland Programme in County Galway (the Culture Team) will be coordinated by Marian Donohue, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The Culture Team is led by the Director of Services for Planning, Community Enterprise & Economic Development. The full members of the Culture Team are:

**Ms. Catherine McConnell**
Director of Service, Planning, Community, Enterprise & Economic Development Unit (Acting)

**Mr. Peter Rabbitt**
Galway County Librarian (Acting)

**Mr. Michael Curley**
Sports Development Officer

**Ms. Jo Vahey**
Galway Library Service

**Ms. Patria McWalter**
Archivist

**Ms. Deirdre Caulfield**
Oifigeach Forbartha Gaeilge

**Ms. Marie Mannion**
Heritage Officer

**Ms. Sinead Ni Mhainin**
Environmental Education Officer

**Ms. Mairin Doddy**
Architectural Conservation Officer

**Ms. Bernie Donnellan**
Social Inclusion Officer

**Ms. Marian Donohue**
Corporate Section

**Ms. Breda Cunningham**
Community, Enterprise & Economic Development Unit

**Ms. Marilyn Gaughan-Reddan**
Galway 2020 Team

Is í Marian Donohue a chomhordóidh an fhoireann a bheidh fostaithe chun bheith i gceannas ar straitéis Éire Ildánach i gContae na Gaillimhe (an Fhoireann Chultúir), duine de 31 comhordaitheoir náisiúnta a shaothraíonn mar fhoireann náisiúnta chun Clár Éire Ildánach a sheachadadh. Is é an Stiúrthóir Seirbhísí don Phleanáil, Fiontar Pobail & Forbairt Eacnamaíoch a bheidh i gceannas ar an bhFoireann Chultúir. Is iad na baill iomlána den Fhoireann Chultúr ná:

**Catherine McConnell Uasal**
Stiúrthóir Seirbhíse (Feidhmeach), An tAonad Pleanála, Pobail, Fiontair & Forbartha Eacnamaíche

**An tUas. Peter Rabbitt**
Leabharlannaí Contae na Gaillimhe (Feidhmeach)

**An tUas. Michael Curley**
Oifigeach Forbartha Spórt

**Jo Vahey Uasal**
Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe

**Patria McWalter Uasal**
Cartlannaí

**Deirdre Caulfield Uasal**
Oifigeach Forbartha Gaeilge

**Marie Mannion**
Oifigeach Oidhreachta

**Sinéad Ní Mhainnín Uasal**
Oifigeach Oideachais Chomhshaoil

**Máirín Doddy Uasal**
Oifigeach Caomhantais Ailtireachta

**Bernie Donnellan Uasal**
Oifigeach Cuimsithe Shóisialta

**Marian Donohue Uasal**
An Rannóg Chorparáideach

**Breda Cunningham**
An tAonad Pobail, Fiontair & Forbartha Eacnamaíche

**Marilyn Gaughan-Reddan**
Foireann Ghaillimh 2020

# Implementation
## TIONSCADAIL

Galway County Council interacts and communicates with its key audiences through the following methods:

- Galway County Council's website *www.galway.ie* with links to the Creative Ireland programme website.
- Updates via Galway County Council social media (Facebook and Twitter)
- Public Participation Network (Main Network)
- County Heritage Forum meetings and Heritage mailing list
- Arts Office Mailing Lists (E-newsletter, funding applicants).
- Architectural Conservation mailing lists of owners/ occupiers of historic properties
- Features in local newspapers
- Press releases etc when required to alert public to developments.
- SPC presentations
- Social Inclusion Networks:
- Other Networks interagency
- Galway Age Friendly Programme
- LGBTQ+
- Traveller Interagency Committees
- Intercultural & Diversity
- Disability Federation of Ireland links
- Comhairle Na n'Óg
- Local Community Development Committees
- Sports Partnerships

Implementation of the Plan will be led by the Culture Team in partnership with key agencies, individuals and local communities.

Bíonn Comhairle Contae na Gaillimhe ag idirghníomhú agus ag cumarsáid lena heochairluchtanna féachana trí na modhanna seo a leanas:

- Láithreán gréasáin Chomhairle Contae na Gaillimhe *www.gaillimh.ie* le naisc ann le láithreán gréasáin Chlár Éire Ildánach..
- Nuashonruithe trí mheán meán sóisialta Chomhairle Contae na Gaillimhe (Facebook agus Twitter)
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (An Príomh-Líonra)
- Cruinnithe Fhóram Oidhreachta an Chontae agus liosta seachadta Oidhreachta
- Liostaí Seachadta na hOifige Ealaíon (Ríomh-nuachtlitir, iarratasóirí cistithe).
- Liostaí seachadta um Chaomhantas Ailtireachta d'úinéirí/áititheoirí na réadmhaoin stairiúil
- Gné-ailt sna nuachtáin áitiúla
- Preaseisiúintí srl. nuair is gá chun an pobal a chur ar an airdeall faoi fhorbairtí.
- Láithreoireachtaí SPC
- Líonraí Cuimsithe Shóisialta:
- Líonraí Eile idirghníomhaireachta
- Clár Aoisbhá na Gaillimhe
- LGBTQ+
- Coistí Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil
- Idirchultúrachas & Éagsúlacht
- Naisc le Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
- Comhairle na nÓg
- Coistí Fhorbairt Pobail Áitiúil
- Comhpháirtíochtaí Spórt

Beidh an Fhoireann Chultúir i gceannas ar fhorfheidhmiú an Phlean i gcomhpháirt le heochairghníomhaireachtaí, daoine aonair agus le pobail áitiúla.



# Projects for 2017
## TIONSCADAIL

PROJECTS FOR 2017 USING THE CREATIVE IRELAND FUNDS ALLOCATED TO GALWAY COUNTY COUNCIL

**Culture and Education Portal**
Galway County Council offers a wide range of innovative services to schools including the following:

- Mobile schools library services
- Green Flag programme
- Junior Warden Scheme
- Heritage in Schools Scheme
- Irish Language Projects
- Sports Programme in Schools- Sports Partnership
- Arts Office Programmes
- Artist in Schools Scheme
- Writers in Schools Scheme
- The Scriobh Project
- Flying Film Squads
- Co-funded residencies with arts organisations
- Music Education Partnership

Galway County Council delivers all of these projects and also co-fund projects in Schools with many other organisations.

The aim of this project would be to map all of this work in one location to provide easy access for teachers, parents and students to access the many wonderful opportunities provided by Galway County Council.

TIONSCADAIL DON BHLIAIN 2017 AG BAINT LEASA AS CISTÍ ÉIRE ILDÁNACH ARNA LEITHDHÁILEADH DO CHOMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE

**Tairseach Cultúir agus Oideachais**
Tairgeann Comhairle Contae na Gaillimhe réimse leathan seirbhísí nuálaíocha do scoileanna lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Seirbhísí leabharlainne soghluaiste do scoileanna
- Clár na Brataí Glaise
- Scéim na Maor Sóisearach
- Scéim na hOidhreachta sna Scoileanna
- Tionscadail Ghaeilge
- Clár Spórt sna Scoileanna- Comhpháirtíocht Spórt
- Cláir Oifige Ealaíon
- Scéim an Ealaíontóra sna Scoileanna
- Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna
- Tionscadal Scríobh
- Scuaid Scannán Reatha
- Cónaitheachtaí comhchistithe le heagrais ealaíon
- Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil

Seachadann Comhairle Contae na Gaillimhe na tionscadail go léir sin, agus comhchistíonn tionscadail sna Scoileanna le go leor eagras eile freisin.

B'éard a bheadh mar aidhm ag an tionscadal sin ná chun an saothar sin go léir a léarscáiliú ar shuíomh amháin chun rochtain fhurasta a sholáthar d'oidí, tuismitheoirí agus daltaí chun rochtain a fháil ar go leor deiseanna iontacha arna soláthar ag Comhairle Contae na Gaillimhe.

### Galway's Gastronomical Heritage

Galway has been officially awarded a European Region of Gastronomy 2018, the first region in Ireland to receive this designation. Galway will be one of just two European Regions of Gastronomy in 2018.

The European Region of Gastronomy award provides Galway with an excellent opportunity to build on the strong reputation and the excellent name it has in terms of a tourist destination, by building its profile further nationally and very importantly internationally.

The designation offers an opportunity to put in place strong support and to develop programmes which focus on building on the strengths of our Food; Agriculture; Tourism; Marine; Creative and Arts sectors and industries by bringing together all the parties working with a common aim. The European Region of Gastronomy programme will contribute to further growth in the economy in the Galway region and contribute to job creation across the various sectors and industries. While the designation is for the year 2018 which will comprise of a yearlong programme of events of all types from support to businesses, to community celebration, from conferences to symposia work is already underway to deliver projects that will support the key focus areas and have a lasting legacy.

In 2018, Galway, will share the honour of this title with North Brabant in the Netherlands and both regions will use the award year to work collaboratively on a number of projects and work with the other regions in the European Region of Gastronomy platform.

The Heritage Office and Social Inclusion Unit of Galway County Council in partnership with local heritage groups, networks, schools, individuals and the National Museum of Ireland Country Life have now embarked on documenting Galway's rich gastronomic heritage on its website http://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/galways-gastronomic-heritage

As gastronomy is really about the art or science of good eating the Heritage Office and Social Inclusion Unit and its partners will seek to show the rich tradition that the County of Galway has in relation to food, its production and the art of preparing and serving it at the local level.

Topics include local foods from the land and the water, self-sufficiency, recipes, shops and provisions, fairs and markets, special occasions, wild foods, folklore and cures, co-operatives, the famine, food from the 'Big House', food from the 'small house', the coming of electricity and water as well as the Schools Folklore Collection.

The opportunity to include our older population, children and new communities in the common experience of our food cultures, our food traditions and heritage is a key element of this project and the wider objectives of the European Region of Gastronomy designation.

### Oidhreacht Bhia na Gaillimhe

Táthar tar éis Réigiún Eorpach an Bhia 2018 a bhronnadh go hoifigiúil ar Ghaillimh, an chéad réigiún in Éirinn chun na t-ainmniú sin a fháil. Beidh Gaillimh ar leathcheann de phéire Réigiún Eorpach an Bhia sa bhliain 2018.

Tugtar deis iontach do Ghaillimh le bronnadh Réigiún Eorpach an Bhia chun cur leis an gcáil mhór agus leis an ainm den scoth atá aici mar sprioc thurasóireachta, ach a próifíl a thógáil a thuilleadh go náisiúnta agus níos tábhachtaí go hidirnáisiúnta.

Tairgtear deis leis an ainmniú chun tacaíocht láidir a chur i dtoll a chéile agus chun cláir a fhorbairt ina ndírítear ar chur le láidreachtaí ár n-earnálacha agus ár dtionscal Bia; Talmhaíochta; Turasóireachta; Mara; Cruthaitheacha agus Ealaíon ach gach páirtí a thabhairt le chéile chun saothrú chun aidhm chomhchoiteanna a ghnóthú. Rannchuirfidh clár Réigiún Eorpach an Bhia lena thuilleadh forais sa gheilleagar i réigiún na Gaillimhe, agus rannchuirfidh sé le cruthú na bpost ar fud na n-earnálacha agus na dtionscal éagsúil. Cé go mairfidh an t-ainmniú ar feadh na bliana 2018 ina bhfaighfear clár bliana imeachtaí den uile chineál idir thacaíocht do ghnólachtaí, cheiliúradh an phobail, chomhdhálacha agus siompóisiamaí; tá saothar ar siúl cheana féin chun tionscadail a sheachadadh chun tacú leis na heochairlimistéir fhócais agus lena mbainfidh oidhreacht mharthanach.

Comhroinnfidh Gaillimh onóir an teidil sin sa bhliain 2018 le Noord-Brabant san Ísiltír, agus bainfidh an dá réigiún leas as bliain an ghradaim chun saothrú lena chéile ar roinnt tionscadal, agus chun saothrú le réigiúin eile ar ardán Réigiún Eorpach an Bhia.

Oidhreacht Bhia na Gaillimhe

Tá Oifig Oidhreachta agus Aonad Cuimsithe Shóisialta de chuid Chomhairle Contae na Gaillimhe tar éis tús a chur i gcomhpháirt le grúpaí oidhreachta áitiúla, líonraí, scoileanna, daoine aonair agus le hArd-Mhúsaem Shaol na Tuaithe in Éirinn ar dhoiciméadú oidhreacht shaibhir bhia na Gaillimhe ar a láithreán gréasáin http://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/galways-gastronomic-heritage

Óir gurb ionann an gastranómachas i ndáiríre agus ceardaíocht nó eolaíocht an bhia bhlasta is amhlaidh a fhéachfaidh an Oifig Oidhreachta agus an tAonad um Chuimsiú Sóisialta chun traidisiún saibhir na Gaillimhe i ndáil leis an mbia a léiriú, a tháirgeadh agus an ealaín a bhaineann lena ullmhú agus a sholáthar ag an leibhéal áitiúil.

Áirítear leis na hábhair ann bianna ón talamh agus ón muir, an neamhthuilleamaíocht, oidis, siopaí agus soláthairtí, aonaigh agus margaí, imeachtaí speisialta, bianna fiáine, béaloideas agus leigheasanna, comharchumainn, an gorta, bia ón 'Teach Mór', bia ón 'mbothán', teacht an leictreachais agus an uisce chomh maith le Bailiúchán Béaloideasa na Scol.

Is eochairchuid den tionscadal seo í an deis chun ár ndaonra scothaosta, leanaí agus pobail nua a áireamh leis an taithí chomónta ar ár gcultúir bhia, ár dtraidisiúin bhia agus ár n-oidhreacht; agus is eochairchuid d'ainmniú Réigiún Eorpach an Bhia í.

### Architecture on the Edge

The existing character of the city, towns and villages of County Galway is an amalgam of the various layers of development from earliest times to the present created by architects, engineers, masons, joiners, plasterers and craftsmen working together.

Architecture is...On the Edge (Æ) is an architecture festival which invites all citizens to explore their city and county. It works through a simple but powerful idea: showcasing outstanding architecture for everyone to experience. Buildings that aren't usually accessible to the public and buildings

### An Ailtireacht ón Imeall

Is cumasc de shraitheanna forbartha éagsúla atá i saintréithe reatha Chathair na Gaillimhe, na mbailte agus na sráidbhailte i gContae na Gaillimhe ón anallód anuas go dtí an lá inniu ann, arna gcruthú le hailtirí, innealtóirí, saoir chloiche, siúnéirí, plástrálaithe agus ceardaithe ag saothrú le chéile.

of architectural merit open their doors for one weekend, with architectural tours provided by expert guides.

Architecture is...On The Edge (Æ) invites everyone to explore and understand the value of a well-designed built environment. The weekend of 6-8 October 2017 promises events curated by the local voluntary committee with support from Galway County Council, Galway City Council, the Royal Institute of Architects of Ireland, and the Irish Architecture Foundation.

A series of talks, tours, workshops and exhibitions will be held in buildings all over the city and county showcasing the varying architecture of Galway, with all the events being completely free.

Architecture is...On the Edge 2017 will focus on the theme of housing, titled 'Architecture is ... Home'. Through an extensive programme of talks, tours and exhibitions, it is the festival's goal to highlight and reimagine the kind of buildings we make for ourselves to live in, buildings that have shaped how we live now inspire new ways of living. And to uncover how these buildings reflect our priorities culturally, socially, economically and politically.

Is féile ailtireachta é Architecture is...On the Edge (Æ) ina dtugtar cuireadh do gach saoránach chun a gcathair agus a gcontae a thaiscéaladh. Feidhmíonn sé leis an smaoineamh simplí ach ar smaoineamh cumhachtach é: taispeántas don ailtireacht den scoth chun is go bhfaighidh gach duine taithí uirthi. Osclaítear doirse na bhfoirgneamh nach gnách dóibh bheith inrochtana don phobal agus na bhfoirgneamh le fiúntas ailtireachta ar feadh deireadh seachtaine amháin, le turais ailtireachta arna soláthar le treoraithe saineolacha.

Tugtar cuireadh le Architecture is...On The Edge (æ) do gach duine chun luach comhshaoil dhea-dheartha thógtha a thaiscéaladh agus a thuiscint. Gealltar imeachtaí don deireadh seachtaine idir 6-8 Deireadh Fómhair 2017 arna léiriú ag an gcoiste deonach áitiúil le tacaíocht ó Chomhairle Contae na Gaillimhe, ó Chomhairle Chathair na Gaillimhe, ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, ó Fhoras Ailtireachta na hÉireann.

Reáchtálfar sraith cainteanna, turas, ceardlann agus taispeántas i bhfoirgnimh ar fud na cathrach agus an chontae ina léireofar ailtireacht éagsúil na Gaillimhe, le gach imeacht bheith go hiomlán saor in aisce.

Díreofar Architecture is...On the Edge 2017 ar théama na tithíochta, leis an teideal 'Architecture is ... Home'. Is í sprioc na féile trí chlár cuimsitheach cainteanna, turas agus taispeántas chun an cineál foirgneamh a thógaimid chun cónaí iontu a aibhsiú agus a athshamhlú, na foirgnimh a mhúnlaigh an chaoi ina gcónaímid agus lena spreagtar bealaí cónaithe nua anois. Agus chun an chaoi ina léirítear ár dtosaíochtaí go cultúrtha, go sóisialta, go heacnamaíoch agus go polaitiúil leis na foirgnimh sin.

**Literature on the Move – Galway's Great Read**

Galway's Great Read aims to encourage people to get back to reading for pleasure while inviting them to get involved and visit their local library and attend events. We encourage open debate and discussion on our chosen reading material. Galway's Great Read will commemorate an historical event through readings, poetry, exhibitions, talks and reminiscences of life in Galway and Ireland during that historic period. Free events will be hosted by our branch libraries throughout the city and county.

The proposal for 2017 is to concentrate on the life and works of Pádraic Ó Conaire. We hope to bring his work alive through drama, talks and modern interpretations.

The Council will aim to target Amateur Dramatic Societies throughout the Municipal Districts and bring writers and poets to different villages to work with local groups. The Council plans to target certain primary schools throughout the county to work on bringing a modern look to some of Padraic Ó Conaire's short stories. This will be a continuation of what happened during the 1916 commemorations when children in primary schools rewrote the 1916 Proclamation in a modern fashion.

The library service will invite speakers from all walks of life; general enthusiasts, academics, local and national artists, lecturers, musicians, local historians, storytellers, authors local and national, groups such as local writers and poets and offer evenings in the Irish language as well as bilingual talks.

**An Litríocht ar Siúl – Léamh Mór na Gaillimhe**

Is éard is aidhm le Léamh Mór na Gaillimhe ná chun spreagadh a thabhairt do dhaoine chun filleadh ar an léitheoireacht mar shult, agus cuireadh a thabhairt dóibh chun bheith páirteach agus cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil agus freastal ar imeachtaí. Tugaimid spreagadh don díospóireacht oscailte agus don chomhphlé faoinár n-ábhar léitheoireachta roghnaithe. Déanfar comóradh le Léamh Mór na Gaillimhe ar imeacht stairiúil trí léitheoireachtaí, filíocht, taispeántais, cainteanna agus cuimhní cinn faoin saol i nGaillimh agus in Éirinn le linn na ré stairiúla úd. Cuirfear ar siúl imeachtaí saora in aisce i gcraobhacha ár leabharlainne ar fud na cathrach agus an chontae.

Díreofar an aird sa togra don bhliain 2017 ar bheatha agus ar shaothair Phádraic Uí Chonaire. Táimid ag súil lena shaothar a bheochan tríd an drámaíocht, cainteanna agus léirmhínithe nua-aimseartha.

